C/2024/1283

31.1.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Eanáir 2024

lena gceaptar Cathaoirleach ar Bhord Chomhairligh um Rialachas Staitistiúil Eorpach

(C/2024/1283)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don fhormheas ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Lena Cinneadh an 18 Nollaig 2020 [2], cheap an Chomhairle Aurel SCHUBERT mar Chathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach ar feadh tréimhse 3 bliana ón 1 Feabhra 2021.

(2) Rachaidh téarma oifige Aurel SCHUBERT in éag an 31 Eanáir 2024. Ní mór, dá bhrí sin, Cathaoirleach nua a cheapadh a rachaidh i mbun oifige ar dhul in éag don téarma oifige sin.

(3) Luaitear in Airteagal 3(3) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE nach bhfuil an Cathaoirleach le bheith ina chomhalta reatha d'Oifig Staidrimh Náisiúnta ná den Choimisiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Alfred CAMILLERI ina Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach go ceann tréimhse 3 bliana ón 1 Feabhra 2024.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB

[1] IO L 73, 15.3.2008, lch. 17.
[2] Cinneadh (AE) ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 lena gceaptar Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staidrimh Eorpach (IO C 445, 22.12.2020, lch. 1).